



# Nóta treorach do thionscnóirí agus do chomhpháirtithe maidir le Beartas Trédhearcachta Ghrúpa an BEI

## 1. Réamhrá

Tá **Beartas Trédhearcachta ag an BEI** atá ag teacht le ceanglais trédhearcachta an AE agus leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta. Tá an beartas ar fáil ar láithreán gréasáin an BEI<sup>1</sup> i ngach ceann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh.

Mar bhanc an Aontais Eorpaigh, agus mar chomhlacht de chuid an AE, tá freagracht ar leith ar an BEI a bheith chomh hoscailte agus **chomh trédhearcach agus is féidir** i leith shaoránaigh an Aontais agus an phobail i gcoitinne. Mar institiúid airgeadais, ní mór don BEI muinín agus iontaoibh a chuid cliant, cómhaoinitheoirí agus infheisteoirí a choinneáil, chomh maith le tríú páirtithe ábhartha eile.

Leagtar amach sa Bheartas cur chuige Ghrúpa an BEI i leith na trédhearcachta agus an rannpháirteachais le páirtithe leasmhara. Leagtar síos ann na treoirphrionsabail a bhfuil feidhm acu maidir le Grúpa an BEI ina iomláine, chomh maith le forálacha mionsonraithe nach mbaineann ach leis an BEI amháin.

Tugann an Beartas an ceart don phobal **rochtain a iarraidh ar gach faisnéis agus doiciméad atá i seilbh an BEI**. Ag an am céanna, áirithíonn sé **go dtugtar cosaint don fhaisnéis rúnda** atá i seilbh an BEI.

Gabhann Grúpa an BEI air féin cearta an duine a urramú ina chuid gníomhaíochtaí uile. Ní ghlacann Grúpa an BEI le frithbheart, i bhfoirm ar bith, i gcoinne daoine aonair ná eagraíochtaí a fheidhmíonn a gcearta faoin mBeartas Trédhearcachta.

## 2. Cuspóir an nóta threoraigh seo

Is é cuspóir an nóta threoraigh seo ná **tionscnóirí, iasachtaithe agus cómhaoinitheoirí a chur ar an eolas faoi phrionsabail agus príomhforálacha an Bheartais Trédhearcachta**, agus faoin gcaoi a gcuirtear i bhfeidhm go praiticiúil iad i leith faisnéis a tháirgeann nó a fhaigheann an BEI i dtaca lena chuid oibríochtaí.

**Cuireann an BEI an trédhearcacht agus an dea-rialachas chun cinn** go gníomhach sna tionscadail a mhaoiníonn sé, sna cuideachtaí a bhfuil sé rannpháirteach iontu agus i measc a chuid contrapháirtithe go ginearálta. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go mbeadh tionscnóirí agus comhpháirtithe an BEI eolach ar phríomhphrionsabail an Bheartais agus, nuair is gá, go n-oibreodís i gcomhar leis an BEI le hiad a chur chun feidhme.

1. <https://www.eib.org/en/publications/eib-group-transparency-policy-2021>

Spreagann an BEI tionscnóirí, iasachtaithe agus páirtithe inniúla eile chun **faisnéis chomhshaoil agus shóisialta maidir le tionscadail arna maoiniú ag an BEI a chur ar fáil don phobal**, chun bheith oscailte agus trédhearcach maidir leis an gcaidreamh agus na socruithe atá acu leis an BEI, agus chun cloí leis na prionsabail trédhearcachta a leagtar amach sa Bheartas i gcomhthéacs na dtionscadal maoinithe. Ba cheart an méid sin a dhéanamh gan dochar do leasanna dlisteanacha an BEI ná tríú páirtithe eile, ná do na dlíthe agus na rialacháin is infheidhme.

Ní thugtar sa nóta treorach seo forbhreathnú iomlán ná cuimsitheach ar an mBeartas. Ní dhéantar plé ann le hoibleagáidí tuairiscithe, ná le ceanglais nocht a d'fhéadfadh eascairt as creatáí idirnáisiúnta, AE nó náisiúnta eile. Níor cuireadh i dtoll a chéile é ach amháin le heolas a chur ar fáil agus ní dhéanfaidh sé difear do chearta ná oibleagáidí tríú páirtithe.

Iarrtar ar thionscnóirí agus ar chomhpháirtithe breathnú ar an mBeartas féin chun an fhaisnéis iomlán a fháil agus dul i dteagmháil leis an BEI más mian leo treoir údarásach a fháil maidir leis.

### 3. Bunús an Bheartais

- Tá **prionsabal oscailteachta** institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh leagtha síos sa **Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE)** agus sa **Chonradh ar Fheidmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE)**, go háirithe in Airteagal 1 agus in Airteagal 15(1), faoi seach.
- Ina theannta sin, mar chomhlacht de chuid an AE, ní mór don Bhanc, nuair is infheidhme, Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006 a chomhlíonadh, a bhaineann le cur i bhfeidhm fhorálacha “Choinbhinsiún Aarhus maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil” ar institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail.
- Dá réir sin, tá Beartas Trédhearcachta glactha anois ag Grúpa an BEI lena gcuirtear an creat rialála sin i bhfeidhm i rialacha agus nósanna imeachta an Ghrúpa.

### 4. A bhfuil sa Bheartas

- Is iad na prionsabail atá mar bhonn agus mar thaca ag an mBeartas Trédhearcachta ná **oscailteacht, muinín a chinntiú agus faisnéis íogair a chosaint, chomh maith le toilteanas cluas a thabhairt do pháirtithe eile agus caidreamh a chothú leo.**
- Déantar cur síos sa Bheartas ar an bhfaisnéis a fhoilsíonn an Banc go rialta ar a láithreán gréasáin (féach Cuid 4.1 thíos). Tugann sé an ceart don phobal freisin rochtain a iarraidh ar fhaisnéis agus ar dhoiciméid atá i seilbh an BEI agus déantar cur síos ann ar na nósanna imeachta atá ann le hé sin a dhéanamh (féach Cuid 4.2 thíos). Ina theannta sin, déantar cur síos ann ar chur chuige foriomlán an Bhainc maidir le trédhearcacht, rannpháirteachas le páirtithe leasmhara agus comhairliúchán poiblí, chomh maith leis na meicníochtaí déanta gearán agus achomhairc ar féidir leis an bpobal dul ina dtuilleamaí.

#### 4.1. Foilsiú faisnéise

- Le tacú le prionsabal na trédhearcachta agus le hé a chur chun cinn, tá rún daingean ag an BEI faisnéis chruinn a fhoilsiú go rialta tráthúil maidir lena ról, a bheartais agus a oibríochtaí, ar a láithreán gréasáin ([www.eib.org](http://www.eib.org)) go háirithe.

- Foilsíonn an BEI go háirithe achoimrí ar na tionscadail a dhéanann sé a mheas lena maoiniú. Foilsíonn an BEI amhlaidh a luaithe a bhíonn a dhóthain dul chun cinn déanta san idirbheartaíocht le tionscnóir tionscadail chun tús a chur leis an meastóireacht ar an tionscadal. Is roimh an togra maoinithe a thagann an chéim sin, rud a chuirtear faoi bhráid Bhord Stiúrthóirí an BEI lena fhaomhadh.
- D'fhéadfadh sé nach mbeadh líon teoranta achoimrí tionscadail foilsithe roimh a bhfaomhadh ag an mBord agus, i gcásanna áirithe, roimh shíniú an chomhaontaithe maoinithe d'fhonn leasanna a bhfuil údar cuí leo a chosaint bunaithe ar na heisceachtaí maidir le nochtadh a leagtar síos i gCuid 5 den Bheartas (féach an chéad Chuid eile den Nóta Treorach seo).
- Tar éis an conradh a shíniú, cuirtear an Ráiteas Breisíochta agus Tionchair (RBT) leis an achoimre tionscadail, ráiteas ina ndéantar achoimre ar an gcaoi a mbaineann an BEI breisíocht agus tionchar amach trí na tionscadail a maoiníonn sé iad.
- Cuirtear **an fhaisnéis chomhshaoil** atá i seilbh an BEI ar fáil chomh luath agus is féidir i saolré an tionscadail chomh maith trí Chlár Poiblí an BEI, atá curtha ar bun ag an BEI ar a láithreán gréasáin (<https://www.eib.org/en/registers/index.htm>).
- Tar éis 30 bliain, déantar athbhreithniú ar dhoiciméid ag féachaint lena gcartlannú go poiblí. Go ginearálta, ní choinníonn an BEI faisnéis ina sheilbh ach go dtí deireadh na tréimhse coinneála (Airteagal 5.15).

## 4.2. Nochtadh faisnéise

- Is minic a fhaigheann an BEI **iarratais ar nochtadh ón bpobal** (m.sh. saoránaigh, eagraíochtaí sochaí sibhialta, an earnáil acadúil) agus déantar plé leo de réir an Bheartais. Baineann cuid de na hiarratais sin le faisnéis agus doiciméid a thagann ó chliant nó ó chomhpháirtithe de chuid an Bhainc agus/nó a bhaineann lena gcuid oibríochtaí.
- Tá an Beartas bunaithe ar phrionsabal **“thoimhde an nochtá”** (Airteagal 5.1). Is éard is brí leis sin ná gur féidir **an fhaisnéis agus na doiciméid go léir atá i seilbh an BEI a nochtadh i bprionsabal** do bhaill leasmhara den phobal ach iad a iarraidh.
- Mar sin féin, **urramóidh an Banc rúndacht a chuid comhpháirtithe gnó** agus ní dhéanfaidh nochtadh a dhéanfaidh dochar do chosaint leasanna dlísteana nár sháródh oibleagáid na rúndachta gairmiúla nó dlíthe an AE (m.sh. drochúsáid margaidh).
- Sonraítear sa Bheartas go háirithe **eisceachtaí** arb aidhm leo leasanna a bhfuil údar cuí leo a chosaint, ar leasanna iad a bhféadfaí baint díobh dá nochtfaí an fhaisnéis a iarradh (féach Cuid 5 den Bheartas).
- Mar shampla, ní nochtfaidh an Banc aon fhaisnéis a bhainfeadh de chosaint na nithe seo a leanas:
  - **Leasanna tráchtála** tionscnóra nó aon tríú páirtí eile (Airteagal 5.5). D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith i gceist, cuir i gcás: faisnéis/doiciméid ghnó, airgeadais, dhílseánaigh nó neamhphoiblí eile arna gcruthú nó arna bhfáil ag an BEI; faisnéis/doiciméid a bhaineann le hidirbheartaíocht, doiciméadú dlíthiúil agus comhfhreagrás gaolmhar; nó faisnéis/doiciméid a chumhdaítear le comhaontú rúndachta nó ar ina leith a bhfuil ionchais dhlísteana ag tríú páirtí nach nochtfaí iad.
  - **Maoin intleachtúil** an tionscnóra nó aon tríú páirtí eile (Airteagal 5.6).

- Beidh feidhm ag na pointí thuas ach amháin má bhíonn **leas sáraitheach poiblí** ann i dtaca le nochtadh na faisnéise faoi thrácht. Meastar leas sáraitheach poiblí a bheith ann, mar shampla, i gcás **go mbaineann an fhaisnéis arna hiarraidh le hastaíochtaí a ligtear amach sa chomhshaoil** (m.sh. gáis agus cáithníní a chuirtear amach san aer nó a astaítear ó fhoinsí éagsúla). Mar sin, nochtfaí **faisnéis den sórt sin** i bprionsabal **dá bhfaighfí iarratas**.
- Baineann an méid thuas freisin le faisnéis agus doiciméid arna gcur isteach nó arna gcur i dtoll a chéile ag **tríú páirtí agus atá i seilbh an BEI**. Sula ndéanfaidh an Banc cinneadh maidir le cibé acu an fhaisnéis nó an doiciméad arna iarraidh a nochtadh nó gan é a nochtadh, **rachaidh an Banc i gcomhairle leis na páirtithe lena mbaineann lena dhéanamh amach an infheidhme aon eisceacht nochtá** (ach amháin más léir gur féidir nó más léir nach féidir an doiciméad nó an fhaisnéis a nochtadh (Airteagal 5.11)).
- I gcásanna den sórt sin, iarrtar ar thionscnóirí agus ar chomhpháirtithe an BEI a chur ar an eolas faoi na codanna de na doiciméid arna n-iarraidh a mheasann siad a bheith clúdaithe ag aon cheann d'eisceachtaí nochtá Bheartas Trédhearcachta an BEI agus a lua cén dochar a d'fhéadfaí a dhéanamh dá nochtfaí an fhaisnéis i gceist. Mura bhfaightear freagra roimh an spriocdháta cuí, déanfaidh an BEI cinneadh maidir leis an nochtadh de réir fhorálacha an Bheartais.
- Ní mór don BEI freagra a thabhairt ar iarratais ar nochtadh tráth nach déanaí ná **15 lá oibre** tar éis a bhfála (Airteagal 5.22). I gcásanna eisceachtúla, mar shampla nuair atá an t-iarratas ar nochtadh casta agus nuair nach féidir freagra a thabhairt laistigh den tréimhse ama thuasluaite (i gcás go mbaineann an t-iarratas le doiciméad an-fhada, cuir i gcás, i gcás nach bhfuil fáil éasca ar an bhfaisnéis agus/nó i gcás go mbeidh sé casta an fhaisnéis a chur i dtoll a chéile), déanann an BEI a dhícheall freagra a thabhairt ar an iarratas ar nochtadh **tráth nach déanaí ná 30 lá oibre** tar éis a fhála (Airteagal 5.24).

Tionscnóirí agus comhpháirtithe a fhaigheann iarratas ar fhaisnéis nó ar nochtadh maidir le doiciméad de chuid an BEI, nó a bhfuil ceisteanna eile acu faoi chur chuige an BEI i leith na trédhearcachta, iarrtar orthu dul i dteagmháil leis an BEI trí **Dheasc Eolais an BEI** ([infodesk@eib.org](mailto:infodesk@eib.org)) nó go díreach trí chontrapháirtithe de chuid an BEI (m.sh. an t-oifigeach iasachta cuí).

*Tionscnóirí agus comhpháirtithe a bhfuil suim níos ginearálta acu i rochtain ar fhaisnéis, rannpháirtíocht phoiblí i gcinnteoireacht agus rochtain ar cheartas i gcúrsaí comhshaoil, iarrtar orthu breathnú ar **Threoir Cur chun Feidhme UNECE maidir le Coinbhinsiún Aarhus**<sup>2</sup>.*

2. <https://unece.org/environment-policy/publications/aarhus-convention-implementation-guide-second-edition>